Comhlucht Forbartha na nDéise

# Treoirlínte d'iarratais ar Urraíocht nó Síntiúis ó Ghrúpaí Incháilithe

**Leagan 4 – Deireadh Fómhair 2023**

1. **Réamhrá** **Lch 2**

2. **Gníomhaíochtaí gur féidir tacú leo** **Lch 2**

3. **Tréimhse ama don togra** **Lch 3**

4. **Incháilitheacht** **Lch 3**

5. **Costais Incháilithe** **Lch 3**

6. **Measúnú ar Iarratais** **Lch 4**

7. **Íocaíochtaí** **Lch 4**

8. **Tuairisciú** **Lch 5**

9. **Coinníollacha Maoinithe** **Lch 5**

## 1. Réamhrá

Tá Comhlucht Forbartha na nDéise (CFnaD) tiomanta ar fhorbairt a dhéanamh ar shaol sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha phobal na nDéise, chun an timpeallacht is fearr a chruthú chun an Ghaeltacht agus an Ghaelainn a chaomhnú agus a láidriú.

Chomh maith leis sin, gealltar i bPlean Teanga na nDéise agus i bPlean Forbartha Ghaeltacht na nDéise go gcuirfear cúnamh ar fáil do réimse leathan imeachtaí sóisialta agus tograí forbartha pobail.

Ní ghlacfar ach le hiarratais atá déanta ar an bhfoirm iarratais oifigiúil. Moltar d'iarrthóirí athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na treoirlínte seo sula n-ullmhófar iarratas.

**N.B: Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé tógáil suas le sé seachtaine chun iarratas a phróiseáil.**

**Ní bhíonn aon chruinnithe ag Coiste na dTograí nó Boird CFnaD i rith Mí Lúnasa. Dá bhrí san, is gá d'aon iarratais do urraíocht nó síntiús ar thograí a bheith isteach roimh an chéad seachtain de Mhí Iúil chun cinntiú go mbeidh sé pléite. Ní phléifear iarratais arís go dtí beagnach deireadh Meán Fómhair. Ní phléitear agus ní cheadaítear iarratais ar mhaoiniú do thograí atá thart.**

## 2. Gníomhaíochtaí gur féidir tacú leo

Ní liosta iomlán é an liosta seo a leanas agus fáiltítear roimh ghníomhaíochtaí eile a thagann le cuspóirí an Chomhluchta, de réir mar atá siad leagtha síos i bPlean Teanga na nDéise 2018-2024 agus i bPlean 26 – Plean Forbartha Pobail do Ghaeltacht na nDéise 2022-2026:

- Tograí forbartha pobail, lena n-áirítear feabhas a chur ar áiseanna pobail inGaeltacht na nDéise;
- Seirbhísí nó imeachtaí shóisialta do theaghlaigh agus/nó do dhaoine óga;
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim in institiúid oideachais aitheanta sa cheantar;
- Ranganna, léachtaí, cainteanna nó ceardlanna trí mheán na Gaelainne;
- Imeachtaí chultúrtha nó ealaíne atá oscailte don bpobal;
- Taifead ar cheol, amhránaíocht, scéalaíocht, drámaíocht nó eile a bhaineann leisan gceantar;
- Coimisiúnú ar shaothar ealaíne, amhránaíochta, drámaíochta, litríochta nó eile abhaineann leis an gceantar;
- Imeachtaí spóirt;
- Imeachtaí turasóireachta;
- Tograí a thacaíonn le caomhnú ar oidhreacht staire agus chultúrtha an cheantair.

## 3. Tréimhsí ama do thograí

Is tréimhse 12 mhí atá i gceist. Le bheith incháilithe, caithfidh gach costas a bheith íoctha agus an togra a bheith curtha i gcrích laistigh de 12 mhí ar a mhéid tar éis don togra a bheith ceadaithe.

## 4. Incháilitheacht

Tá na grúpaí seo a leanas i dteideal iarratas ar chúnamh a dhéanamh:

- Carthanas neamhbhrabúis;
- Eagraíochtaí pobail agus deonacha;
- Scoileanna agus seirbhísí oideachais eile;
- Soláthraithe oiliúna;
- Áiseanna agus eagrais spóirt.

Glacfar le hiarratais chomh maith ós na grúpaí seo a leanas:

- Cuideachtaí tráchtála príobháideacha;
- Eagraíochtaí brabúis ag áireamh trádálaithe aonair;
- Iontaobhais príobháideacha nó fondúireachtaí;
- Daoine aonair;

Beimid ag súil go mbeidh buntáiste pobail soiléir léirithe san iarratas. Féadfaidh go mbeidh coinníollacha ar leith leagtha síos chun leas an phobal a chinntiú mar chuid den togra.

## 5. Costais Incháilithe

Ní mór go mbeadh na costais uilig a áirítear don iarratas seo:

- Bainteach go díreach leis an togra faoi iarratas;
- Deimhnithe trí shonrasc agus admháil íocaíochta mar aon le rian iniúchta athaispeánann gur cloíodh le riachtanais soláthair;
- Iad tabhaithe faoi dheireadh dháta seachadta an togra (12 mhí ar a mhéid ón dáta go raibh an togra ceadaithe).

**Costais Neamhcháilithe**

Seo liosta de chostais nach bhfuil incháilithe. Ní liosta iomlán é seo.

- Costais nach mbaineann go díreach leis an togra;
- Costais do ghníomhaíochtaí a bhfuil deiseanna maoinithe eile níos oiriúnaí ar fáildóibh;
- Costais a íoctar lasmuigh de thréimhse 12 mhí tar éis don togra a bheithceadaithe;
- Ceannach talún nó foirgneamh;
- CBL nuair atá iarrthóirí cláraithe do CBL;
- Táillí ar nós costais ús bainc, fíneálacha, pionóis airgeadais agus

costaisconspóidí dlíthiúla;
- Dímheas.

## 6. Measúnú ar Iarratais

Déanfaidh feidhmeannaigh an Chomhluchta scagadh ar an bhfoirm iarratas le cinntiú go bhfuil sé líonta isteach i gceart. Déanfar teagmháil leis an iarratasóir sa chás go bhfuil eolas in easnamh. Má tá aon fhoinsí airgid eile ag an togra, is gá é sin a lua san iarratas.

Cuirfear an t-iarratas faoi bhráid Choiste na dTograí de chuid CFnaD le measúnú a dhéanamh air. Buaileann Coiste na dTograí le chéile uair sa mhí, seachtain ar a laghadroimh chruinniú míosúil Bord na nIontaobhaithe. Tá sé d'údarás ag Coiste na dTograí diúltú d'iarratas. Sa chás nach nglacann Coiste na dTograí le hiarratas, beidh deis ag iarrthóirí nár éirigh leo, iad siúd a meastar a bheith neamhcháilithe san áireamh, achomharc a dhéanamh faoin gcinneadh.
Má tá Coiste na dTograí sásta iarratas a mholadh, cuirfear an t-iarratas faoi bhráid Bhord na nIontaobhaithe le bheith faofa. Ní dhéanfaidh Bord na nIontaobhaithe aon togra a mheas ach amháin tograí atá molta ag Fochoiste na dTograí. Buaileann Bord na nIontaobhaithe le chéile ar an gcéad Luan den mhí de gnáth. Má ghlacann an Bord le moladh Choiste na dTograí, eiseofar litir thairsceana chuig iarratasóirí rathúla. Níl aon gealltanas ar chúnamh airgead ann go dtí go bhfuil litir thairsceana éisithe agus sínithe ag an iarratasóir.

## Tábhachtach

**N.B: Tabhair faoi ndeara go dtógann sé suas le sé seachtaine iarratas a phróiseáil.**

Ní bhionn aon cruinnithe ag Coiste na dTograí nó Boird CFnaD i rith Mí Lúnasa. Dá bhrí san, is gá d'aon iarratais ar urraíocht nó síntiús do thograí a bheith isteach roimh an chéad seachtain de Mhí Iúil chun cinntiú go mbeidh sé pléite. Ní pléifear iarratais arís go dtí beagnach deireadh Meán Fómhair. Ní phléitear agus ní cheadaítear iarratais ar mhaoiniú do thograí atá thart.

## 7. Íocaíochtaí

- Íocfaidh CFnaD maoiniú atá ceadaithe isteach i gcuntas atá ainmnithe ag an iarratasóir rathúil. Caithfidh gur cuntas de chuid na heagraíochta nó cuntas in ainm an togra é. Ní cheadmhach airgead a íoc isteach i gcuntas pearsanta.
- Íocfar 50% den deontas tráth a fhaightear an litir thairsceana sínithe agus gombíonn na coinníollacha réamhíocaíochta ar fad (más cuí) comhlíonta ina n-iomláine ag an iarratasóir.
- Íocfar an 50% eile go cúlghabhálach nuair a fhaightear an tuairisc deiridh airgeadais ón iarratasóir, ag sonrú an tslí inar chaitheadh an deontas, le hadmhálacha srl, mar chruthúnas ar chaiteachas. Ní dhéanfar an t-íocaíocht deiridh go dtí go mbeidh an t-eolas cuí ar fad faighte ag CFnaD agus íocfar an t-iarmhéid de réir na n-admhálacha a chuirfear ar fáil.

## 8. Tuairisciú

Caithfidh iarratasóirí rathúla tuairisc deiridh airgeadais a chur ar fáil do CFnaD sula ndéantar an t-íocaíocht deiridh ar an urraíocht nó an síntiús.

In éineacht leis an tuairisc deiridh airgeadais, caithfidh gach iarratasóir rathúil tuairisc a chur ar fáil faoi conas mar a d'éirigh leis an togra.

Ba cheart go mbeidh an t-eolas seo a leanas sa tuairisc:

- Cur síos ar an gcaiteachas ar fad a bhí déanta, maraon le fianaise (sonraisc/admhálacha srl), agus cur síos ar an ioncam a tháinig isteach;
- Cur síos ar an slí go raibh an togra curtha i bhfeidhm;
- Cur síos ar aon athruithe a tharla i gcur i bhfeidhm an togra ón méid a bhíbeartaithe san iarratas;
- An raibh sprioc an togra bainte amach;
- Líon na ndaoine a bhí páirteach sa togra;
- Míniúchán ar aon difríocht sa chaiteachas;
- Moltaí atá le déanamh (dá mbeifí ag tabhairt faoin dtogra arís)
- Grianghraif (más ábhartha).

## 9. Coinníollacha a bhaineann le Urraíocht nó Síntiús a fháil

1. Beidh an caiteachas go léir faoi réir théarmaí an Chóid Chaiteachais Phoiblí atá arfáil ag https: www.gov.ie/en/publication/public-spending-code/
2. Caithfidh iarrthóirí rathúla cinntiú go gcloítear le gach reachtaíocht cánachábhartha.
3. Caithfidh iarrthóirí a nUimhir Thagartha Cánach agus a nUimhir Rochtana Imréitigh Cánach a chur ar fáil sa chás go bhfuil €5,000 nó níos mó á iarraidh;
4. Le bheith incháilithe do urraíocht nó síntiús, ní mór an togra beartaithe, faoi mar a bhí sé ceadaithe ag CFnaD, a chríochnú ina iomláine. Ní mór aon athrú suntasach ar an togra a chur in iúl agus a aontú le CFnaD sula gcuirtear aon athrú suntasach i bhfeidhm;
5. Nuair nach ndéantar gné den togra faoi mar a bhí luaite san iarratas, d'fhéadfaí an maoiniú deontais a laghdú dá réir;
6. Ní mór cloí le gach riail agus rialachán cuí ó thaobh soláthar agus cuntasaíocht airgeadais, agus caithfidh iarrthóirí rathúla cuntas iomlán a thabhairt in am tráth ar an maoiniú a bhfuarthas;
7. Is ceart doiciméadú iomlán agus cruinn i dtaca leis an gcaiteachas go léir a choimeád agus é a chur ar fáil d'fheidhmeannaigh CFnaD in am tráth;
8. Ní mór do ghníomhaíochtaí a bheith á reáchtáil trí Ghaoluinn, nó go formhór trí Ghaoluinn, nó go dátheangach ar a laghad.
9. Tabharfaidh iarrthóirí rathúla aitheantas do thacaíocht CFnaD i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht chuí a bhaineann leis an togra;
10. Úsáidfaidh iarrthóirí Lógónna CFDéise, Gaeltacht na nDéise & Údarás naGaeltachta ar gach póstaer, fógraíocht agus comharthaíocht don ócáid.
11. Cuirfidh gach iarrthóir rathúil sonraí teagmhála ar fáil do CFnaD chun éilimh íocaíochta agus eolais a éascú;
12. Cinnteoidh gach iarrthóir rathúil go bhfuil clúdach cuí árachais acu don togra a bheidh idir

lámha acu. Cuirfear cóip den bpolasaí árachais ar fáil do CFnaD má lorgaítear san;

13. Ní mór d'iarrthóirí rathúla polasaí cosaint leanaí cuí a bheith acu agus é a chur i bhfeidhm má bhíonn baint ag daoine óga leis an togra. Cuirfear cóip den bpolasaí cosaint leanaí ar fáil do CFnaD má lorgaítear san.

**Neamhchomhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha**

Déileáiltear go dian le haon eolas bréagach nó míthreorach a sheoltar chuig CFnaD ag aon tráth. Aon eagraíocht nach gcloíonn leis na téarmaí agus coinníollacha thuasluaite, d'fhéadfaí an urraíocht nó an síntiús a tharraingt siar nó d'fhéadfadh go gcaithfidís an urraíocht nó an síntiús iomlán nó cuid de a aisíoc le CFnaD.

**Is féidir gach fiosrúchán a sheoladh chuig cfdeise@gmail.com**